**RABHADH**

**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann chuige ar an bpáipéar seo.**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo.

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

# STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ LUAIN, 11 MEITEHAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 – 3.30**

**Don Scrúdaitheoir Amháin:**

| Ceist | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |



Caithfear **GACH** ceann de na **CÚIG** cheist a fhreagairt. Taispeánann na huimhreacha i lúibíní na

marcanna atá le fáil. Ní mór na ceisteanna a fhreagairt san fhreagarleabhar seo, sna spásanna cuí.

**CEIST 1.** **FREAGAIR (A) AGUS (B) AGUS (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHA** **(12 mharc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna a leanas trí tic (√) a chur sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Cé acu ceann díobh seo **NACH** aigéan é?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) An tAigéan Atlantach | ☐ | (b) An tAigéan Ciúin | ☐ | |
| (c) An tAigéan Indiach | ☐ | (d) An Mhuir Bhailt | √ | (1) |

1. Modh is ea crann-chróineolaíocht a úsáideann seandálaithe chun:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) tréimhse ama a chur in iúl | ☐ | (b) cur síos a dhéanamh ar chineál tochailte | ☐ | |
| (c) dáta a chur ar earra adhmaid | ☐ | (d) lipéid a chur ar lámhdhéantúsáin | ☐ | (1) |

2. Áit is ea cartlann ina:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) gcoimeádtar sean-doiciméid ann | ☐ | (b) bhforbraítear grianghraif ann | ☐ | |
| (c) seinntear ceol ann | ☐ | (d) taispeántar uirlisí cloiche ann | ☐ | (1) |

3. Is éard a bhí i *souterrain* ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) féile Cheilteach | ☐ | (b) pasáiste faoi thalamh | ☐ | |
| (c) ceardlann mhiotail | ☐ | (d) claí adhmaid | ☐ | (1) |

4. Taispeánann comhrianta ar léarscáil Shuirbhéireachta Ordanáis:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) airde os cionn na farraige | ☐ | (b) limistéir faoi fhoirgnimh | ☐ | |
| (c) láithreacha stairiúla | ☐ | (d) mótarbhealaí | ☐ | (1) |

5. Is é a thugtar ar an bpríomhfhoirgneamh i gcaisleán cloiche ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) túirín | ☐ | (b) daingean | ☐ | |
| (c) bábhún | ☐ | (d) tiarnas | ☐ | (1) |

6. Cé acu díobh seo a leanas atá ina carraig mheiteamorfach?

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) basalt | ☐ | (b) eibhear | ☐ | |
| (c) gaineamhchloch | ☐ | (d) marmar | ☐ | (1) |

7. Sna Meánaoiseanna is éard a bhí i gceist le *fief* ná:

(a) feirmeoir tionónta ☐ (b) fear uasal ☐

(c) ceardaí ☐ (d) paiste talún ☐ (1)

8. Ainmnigh an tír ar tugadh "Ceardlann an Domhain" uirthi le linn na Réabhlóide Tionsclaíche:

(a) Éire ☐ (b) An Ghearmáin ☐

(c) an Bhreatain ☐ (d) An Fhrainc ☐ (1)

9. I 1973 rinneadh ball d'Éirinn de:

(a) Eagraíocht na Náisiún Aontaithe ☐ (b) Comhairle na hEorpa ☐

(c) Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ☐ (d) Córas Airgeadra na hEorpa ☐ (1)

10. Cé acu de na tíortha seo a raibh baint ag Éirinn léi mar choimeádaí síochána do na Náisiúin Aontaithe?

(a) An tSín ☐ (b) An Liobáin ☐

(c) An Afraic Theas ☐ (d) An Indinéis ☐ (1)

11. Tomhaiseann Scála Richter:

(a) creathanna talún ☐ (b) frasaíocht ☐

(c) teocht ☐ (d) bolcáin ☐ (1)

12. Cé acu díobh seo a leanas atá ina hacmhainn inathnuaite?

(a) gual ☐ (b) móin ☐

(c) hidrileictreachas ☐ (d) ola ☐ (1)

13. Cé acu díobh seo a leanas atá ina thionscal treasach?

(a) mianadóireacht ☐ (b) déantús gluaisteán ☐

(c) foraoiseacht ☐ (d) turasóireacht ☐ (1)

14. Is é is uirbiú ann ná forbairt ar:

(a) talamh curaíochta ☐ (b) bóithre ☐

(c) bailte móra agus cathracha ☐ (d) páirceanna ☐ (1)

**(B) AN SAOL I SIBHIALTACHT A AINMNÍONN TÚ** **(6 mharc)**

Tá staidéar déanta agat ar an saol i gceann **amháin** de na sibhialtachtaí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| An tSean-Ghréig ; | An tSean-Róimh; |
| An tSean-Éigipt; | Na hIncas. |

Ainmnigh an tsibhialtacht a bhfuil staidéar déanta agat uirthi agus scríobh cuntas fúithi thíos. Is féidir leat na ceannteidil seo a leanas a úsáid mar noda:

(i) Tithíocht; (ii) Bia; (iii) Éadaí; (iv) Saol Laethúil; (v) Caithimh Aimsire.

AINM NA SIBHIALTACHTA:............................……………........................................

FREAGRA:..........................................................................................................................

.........................................................................................................................................

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………..................................................… (6)

**(C) ÉAGOTHROIME SA DOMHAN INNIU** **(6 mharc)**

Déan scrúdú ar an tábla thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

| | **TANSÁIN** | **ÉIRE** |
|---|---|---|
| **Ionchas Saoil i mBlianta** | 52 | 73 |
| **Básmhaireacht Leanaí as gach Míle** | 111 | 10 |
| **Soláthar Laethúil Calra (i mBia) mar % den Riachtanas Laethúil** | 98 | 143 |
| **Líon Daltaí sa Bhunscoil mar % den Aois-ghrúpa** | 87 | 97 |
| **Litearthacht mar % den Daonra** | 79 | 98 |
| **Líon Daoine do gach Dochtúir** | 17,560 | 760 |

(i) Cén tír a bhfuil an t-ionchas saoil is airde aici?

……………………………………………………………………………………(1)

(ii) Cén tír a bhfuil an líon daltaí is ísle inti ag freastal ar an mbunscoil?

……………………………………………………………………………………(1)

(iii) Tabhair cúis **amháin** a bhfuil an ráta bhásmhaireacht leanaí i bhfad níos airde sa Tansáin ná mar atá sé in Éirinn.

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………(2)

(iv) Níl seirbhísí sláinte sa Tansáin chomh maith leis na seirbhísí in Éirinn. Ag úsáid an eolais sa tábla, mínigh cén fáth a bhfuil an ráiteas seo fíor.

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………(2)

**CEIST 2.** **FREAGAIR AN CHEIST AR (A) PLANDÁLACHA IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS NÓ (B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS**

**(A) PLANDÁLACHA IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**

**Foinse A**

Léigh an sliocht seo a leanas agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

> *Caithfidh gach gealltóir, a bhfuil eastát mór aige (2,000 acra), teach cloiche le cúirt daingean nó bán timpeall air a thógáil ann laistigh de thrí bliana. Caithfidh gach gealltóir, a bhfuil eastát measartha mór aige (1,500 acra), teach cloiche nó teach bríce le cúirt daingean nó bán thart timpeall air a thógáil laistigh den am céanna. Caithfidh gach gealltóir a bhfuil eastát beag aige (1,000 acra) cúirt daingean nó bán, ar a laghad, a thógáil ann laistigh den am céanna.*
>
> *Caithfidh gach gealltóir, laistigh de thrí bliana, 24 fear láidir atá 18 mbliana nó níos sine, ó Shasana nó ó Albain intíre, a phlandáil ar eastát beag agus ag an ráta céanna ar na heastáit eile; 10 dteaghlach, ar a laghad, a phlandáil ar gach eastát beag agus ag an ráta céanna ar na heastáit eile sa tslí seo; an príomh-ghealltóir agus a theaghlach a phlandáil ar thiarnas (an príomh-chineál eastáit) de 300 acra; beirt fheo-fheirmeoirí (úinéirí) ar 120 acra an duine; triúr léas-sealbhóirí( tá conradh i scríbhinn acu le gealltóir talamh a thógáil ar cíos seasta ar feadh roinnt blianta) ....ceithre theaghlach nó níos mó d'fheirmeoirí talmhaí (feirmeoirí)...........*
>
> *Cuirfidh gach gealltóir ceangal ar gach tionónta tithe a thógáil dóibh féin agus dá dteaghlaigh, tithe nach mbeidh scartha amach óna chéile ach le chéile, gar don phríomh-theach nó bán ar mhaithe le comhchosaint agus neart agus chun Sráidbhailte agus Bailte Ceantair a thógáil.*
>
> *Beidh ar gach gealltóir an Mhóid Cheannais a thógáil i Sasana nó in Albain nó os comhair na gcoimisinéirí a cheapfar chun an Phlandáil a chur ar bun.*

(i) Bhí ar gach gealltóir 24 *fear láidir* a phlandáil ar eastát beag. Cé mhéad acra a bhí in eastát beag?

..........................................................................................................................(2)

(ii) Ainmnigh **dhá** áit as a dtiocfadh 24 *fear láidir*.

1 .................................................... 2. ..........................................................(2)

(iii) Bhí ar na *gealltóirí* clocha agus brící a úsáid in áit adhmaid le haghaidh na tógála. Tabhair cúis **amháin** leis seo.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(2)

(iv) Agus úsáid á baint agat as an eolas sa sliocht thuas, mínigh an tslí inar chabhraigh an phlandáil seo le forbairt bailte móra agus sráidbhailte.

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(2)

(v) Mínigh na téarmaí seo a leanas a úsáideadh sa sliocht thuas:

*Gealltóir*:..........................................................................................................................

…………………………………………………………………………………………………

*Bán*:..................................................……………………………...................................…............

...................................................................................………………………....…............

*Móid Cheannais*: ……………………………………………………………………….………

………………………………………………………………………………………..……….(6)

(vi) Ainmnigh **dhá** chontae ar dearnadh plandáil orthu le linn Phlandáil Uladh.

1. ……........................................................ 2…………….........................................…......(2)

**Foinse B**

Scrúdaigh an tábla thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

| | Úinéirí Talún Caitliceacha | Úinéirí Talún Protastúnacha |
|---|---|---|
| **1600** | 90% | 10% |
| **1640** | 60% | 40% |
| **1700** | 15% | 85% |

(vii) Toradh amháin a bhí ag plandálacha an 17ú hAois in Éirinn ba ea athruithe in úinéireacht na talún. Ag úsáid eolais ó Fhoinse B, scríobh síos **dhá** phointe chun na hathruithe seo a mhíniú.

1..................................................................................................................…………

…………………………………………...............................................................................…..........

2...................................................……………………….........................................…............

...................................................................................…………………………….............(4)

(viii) An t-athrú in úinéireacht na talún ba ea toradh amháin ar phlandálacha an 17ú hAois in Éirinn. Tabhair **dhá** thoradh eile ar na plandálacha in Éirinn.

1. ………………………………………………………………………………….

…...........................................................................................................……………………..

..........................................................................................................………..………..

2............................................................................................................................................

...............................……………………………………………………………………

…………………………………………………………………………….………… (4)

**(B)** **AN BHRASAÍL SAN 20ú hAOIS** **(24 marc)**

**Foinse A**

Léigh an sliocht seo thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

Ó lár na seascaidí anall lean an Bhrasaíl le tionsclaíocht, a bhí bunaithe ar easpórtálacha agus ar dhíol airgead ó thíortha iasachta agus infheistíocht ó chomhlachtaí ilnáisiúnta as.

Bhí fás an-tapaidh ar thionsclaíocht agus forbairt ar ghnó talmhaíoch ag teastáil chuige seo. Rinneadh forbairt ar thrí thionscal mhóra, cruach, ceimiceáin agus gluaisteáin. D'athraigh sé seo pátrún na n-easpórtálacha ó tháirgí príomha go barra margaidh agus go táirgí próiseáilte agus déantúsaíochta, a raibh éagsúlacht níos mó ag baint leo.

Cuireadh fáilte roimh 'míorúilt eacnamaíoch' na Brasaíle ar fud an domhain. I rith na seachtóidí bhí fás bliantúil de 10%, geall leis, ag an mBrasaíl. Bhí méadú bliantúil de 20% ar easpórtálacha.

Bhí costas ag baint leis an míorúilt. Faoi 1976 bhí smacht ag infheisteoirí iasachta ar bhreis is 60% den tionscal meaisínre, ar 61% den iarann agus den chruach agus ar 100% de ghluaisteáin. Inniu tá smacht ag úinéirí iasachta ar bhreis is 50% de na tionscail. Caitear nach mór 60% den ioncam ó easpórtálacha chun fiacha iasachta na Brasaíle a íoc.

Tá roinnt an ioncaim chomh héagothrom le háit ar bith sa domhan. Idir 1960 agus 1976 mhéadaigh ioncam an 10% ba shaibhre ó 39% go 50% d'ioncam iomlán na tíre. Ag an am céanna laghdaigh an sciar a bhí ag an leath ba bhoichte den daonra ó 17% go 13%.

Tá an tionsclaíocht agus an saibhreas bunaithe san Oir-Dheisceart. Tá ceantair eile ag fulaingt mar gheall air seo, go háirithe réigiún bocht an Oir-Thuaiscirt. Sa réigiún seo tá míchothú, ionchas saoil íseal, easpa áiseanna oideachais agus droch-shláinte coitianta. Meastar go bhfuil suas le 70% de pháistí míchothaithe.

Meallann an pá níos airde atá ag na hoibrithe tionsclaíocha na bochtáin atá gan talamh ina sluaite chuig na cathracha. Méadaíonn sé seo fás na slumacheantar, a bhfuil go leor fadhbanna acu cheana féin.

(i) Ón sliocht thuas, ainmnigh **dhá** thionscal a d'fhorbair sa Bhrasaíl sna 1960adaí.

1. …....................................................... 2. ..…………….................................... (2)

(ii) Ón sliocht thuas, luaigh **dhá** fhorbairt eacnamaíochta a tharla sa Bhrasaíl sna 1970adaí.

1. ………………………………………. 2. ……………………………………… (2)

(iii) Mínigh na téarmaí seo a leanas ón sliocht thuas.

*Comhlacht ilnáisiúnta:*

.............................................................................................................................

.............................................................................................................................

*Barr margaidh:*

.............................................................................................................................

.............................................................................................................................

*Fiacha iasachta:*

.............................................................................................................................

.............................................................................................................................(6)

(iv) Ag úsáid an tsleachta thuas, ainmnigh:

1. ceantar an-saibhir sa Bhrasaíl ..........................................................................

2. ceantar an-bhocht sa Bhrasaíl ...........................................................................(2)

(v) Ag usáid an tsleachta thuas, luaigh **dhá** fhadhb atá ag an réigiún sa Bhrasaíl atá an-bhocht.

An Chéad Fhadhb:

.............................................................................................................................

An Dara Fadhb:

.............................................................................................................................(2)

(vi) Ag úsáid an tsleachta thuas, tabhair **dhá** chúis a bhfágann daoine ceantair thuaithe le cur futhu sna cathracha.

An Chéad Chúis:


.............................................................................................................................

An Dara Cúis:

.............................................................................................................................(2)

**Grianghraf: Cathair sa Bhrasaíl**

Scrúdaigh an grianghraf agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.



(vii) Ag úsáid an ghrianghraif thuas, tabhair **dhá** dhifríocht idir an ceantar sa chathair atá níos saibhre agus an ceantar atá níos boichte.

An Chéad Dhifríocht:…………………………………………………………………….

..........................................................................................................................................

……………………………………….....................................................................................

An Dara Difríocht: ……………………………………………………………………

..........................................................................................................................................

……………………………………….................................................................................(4)

(viii) Mol **dhá** bhealach ina bhféadfadh daoine sa chuid sin den chathair atá níos boichte feabhas a chur ar a slite maireachtála.

1. ……………………………………………………………………………………………

.....…………………………….......................................................................................

……………………………………………………………………………………………..

2. ……………………………………………………………………………………………..

................…………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………..(4)

**CEIST 3.** **FREAGAIR AN CHEIST AR:**

**(A) An Réabhlóid Thionsclaíoch**
**AGUS ar**
**(B) Cogadh Domhanda I NÓ Cogadh Domhanda II**

## (A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)

**Foinse A**

Scrúdaigh an tábla thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

| **Ceantair Uirbeacha** | **1801** | **1851** |
|---|---|---|
| **Glaschú** | **77,000** | **345,000** |
| **Leeds** | **53,000** | **172,000** |
| **Manchain** | **75,000** | **303,000** |
| **Birmingham** | **71,000** | **233,000** |
| **Learpholl** | **82,000** | **376,000** |

(i) Taispeánann an tábla thuas gur fhás an daonra go tapaidh i gceantair uirbeacha idir 1801 agus 1851. Tabhair **dhá** chúis a mhíneodh an fás tapaidh seo sa daonra.

An Chéad Chúis: ……………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………

An Dara Cúis:…………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………(4)

(ii) Mínigh **dhá** fhadhb a bhain leis an saol maireachtála i gceantair uirbeacha in 1851.

An Chéad Fhadhb: ……………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………

An Dara Fadhb: ………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………(4)

(iii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

Tionscal Tinteáin; Réabhlóid Thionsclaíoch;
Tionóntán; Ceardchumann.

An Chéad Téarma: ……………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

An Dara Téarma: ……………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………(4)

**(B) COGADH DOMHANDA I <u>NÓ</u> COGADH DOMHANDA II** **(12 mharc)**


Freagair an cheist ar an gCéad Chogadh Domhanda **NÓ** ar an Dara Cogadh Domhanda.

## COGADH DOMHANDA I

### Foinse A

Scrúdaigh an léarscáil thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

M-Montenegro
A-L-Alsáis-Lorráin
B-Bosnia
Ís-An Ísiltír
Be-An Bheilg
A-An Albáin
P-An Phortaingéil
E-An Eilvéis
R-An Rúmáin
Bu-An Bhulgáir
S-An tSeirbia
G-An Ghréig




(i) Ag úsáid léarscáil na hEorpa 1914, ainmnigh **dhá** thír a bhí ina mbaill de gach ceann díobh seo a leanas:

(a) An Trípháirtíocht (*Alliance*) 1…........................... 2. ....................................

(b) An Ceangal Cairdis Triarach (*Entente*) 1.............................. 2. ……..........................…..

(c) Na Stáit Bhalcánacha 1. ............................ 2. ………... ....................(6)

(ii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo i gCogadh Domhanda I:

Cogaíocht sna Trinsí;
Gléasanna Nua Cogaidh;
Cath na Somme;
Conradh Versailles.

..............................................................................................................................

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

…………………………………………...........................................................................(6)

## NÓ

## COGADH DOMHANDA II

**Foinse A**

Léigh an t-alt nuachtáin thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

Through an inferno of bombs and shells the B.E.F. is crossing the Channel from Dunkirk—in history's strangest armada


# TENS OF THOUSANDS SAFELY HOME ALREADY

*Many more coming by day and night*

SHIPS OF ALL SIZES DARE THE GERMAN GUNS

UNDER THE GUNS OF THE BRITISH FLEET, UNDER THE WINGS OF THE ROYAL AIR FORCE, A LARGE PROPORTION OF THE B.E.F. WHO FOR THREE DAYS HAD BEEN FIGHTING THEIR WAY BACK TO THE FLANDERS COAST, HAVE NOW BEEN BROUGHT SAFELY TO ENGLAND FROM DUNKIRK.

First to return were the wounded. An armada of ships—all sizes, all shapes—were used for crossing the Channel. The weather which helped Hitler's tanks to advance has since helped the British evacuation.




*Tired, dirty, hungry they came back —unbeatable*

—THREE— DESTROYERS LOST

Signposts to be removed

*Daily Express, May 31, 1940*

(i) Ag úsáid an ailt nuachtáin thuas, abair cén fáth a raibh ar na Briotanaigh (Fórsa Sluaíochta na Breataine – B.E.F.) Dunkirk a fhágáil agus filleadh ar an mBreatain?

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................(2)

(ii) Conas a thaistil fórsaí na Breataine abhaile?

..........................................................................................................................................(2)

(iii) Ainmnigh Príomh-Aire na Breataine ag an am seo.

..........................................................................................................................................(2)

(iv) Mínigh **trí** cinn de na téarmaí seo a leanas a bhain le Cogadh Domhanda II:

| | | |
|---|---|---|
| Blitzkrieg; | An Cogadh Bréagach; | Ciondáil; |
| Comhoibrí; | Campa Géibhinn; | Frith-Ghiúdachas. |

1..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

2..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

3..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................(6)

**<u>CEIST 4</u>.** **CÚNAMH AGUS TÍORTHA I mBÉAL FORBARTHA** **(24marc)**

**Foinse A**

Léigh an sliocht seo a leanas agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

> **Faigheann Tionscadail Fhorbartha Tacaíocht ó Chúnamh Déthaobhach na hÉireann**
>
> Tugann go leor de chúnamh na hÉireann tacaíocht do thionscadail, a bhfuil sé mar aidhm acu na rudaí seo a leanas a dhéanamh:
>
> 1. **Seirbhísí Sóisialta a fhaigheann** bochtáin an Tríú Domhan a fheabhsú. Tá feabhas curtha ar sholáthairtí uisce, sláintíocht agus bun-chúram sláinte**.** Tugtar tacaíocht do bhunoideachas agus do ghairmoideachas. Tógtar bóithre agus droichid choise i gceantair thuaithe. Tugtar tacaíocht do chláir phlandála crann i dtíortha an Sahel.
>
> 2. **Chun cabhrú le daoine fostaíocht** a chruthú dóibh féin. Samplaí de thionscadail mar seo is ea tionscadal iascaireachta ( i Mósaimbíc) agus scéim féin-fhostaíochta do mhná ( i Saimbia).

(i) Is é a chiallaíonn cúnamh déthaobhach ná cúnamh a thugann tír amháin do thír eile. Ón sliocht thuas, ainmnigh **dhá** thír a dtugann Éire cúnamh déthaobhach dóibh.

1. ......………............................................ 2. ……………............................................ (2)

(ii) Ag úsáid an tsleachta thuas, luaigh an **dá** aidhm atá ag tionscadail chúnaimh na hÉireann.

1 ………………..........................................................................................................

2. .......................…………………..........................................................................…..(2)

(iii) Ag úsáid an tsleachta thuas, mínigh **dhá** slí ina mbaineann daoine an *domhain i mbéal forbartha* tairbhhe as tionscadail chúnaimh na hÉireann.

1.………………………………………………………………………………………


……………………………………………………………………………………..

2.……………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………….. (4)

Scrúdaigh **Grianghraf A** agus **Grianghraf B** agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

**Grianghraf A: Tionscadal fostaíochta, a fuair cúnamh ó Éirinn, i Saimbia**



(iv) Cén obair atá ar siúl ag na mná sa ghrianghraf thuas?

..........................................................................................................................................

………………………………………...........................................................................(2)

(v) Luaigh **dhá** chúis ar féidir le tionscadail, faoi mar atá i n**Grianghraf A**, a bheith chomh tábhachtach ag cabhrú le tíortha sa *domhan atá i mbéal forbartha*.

An Chéad Chúis: …………………………………………………………………..................

………………….........................................................................................................

…………………………………………………………………………………………..

An Dara Cúis: ………………………………………………………………………….

………………………………………………………………………………………….

………………….....................................................................................................(4)

**Grianghraf B: Gorta sa *domhan atá i mbéal forbartha*.**



(vi) Tabhair **dhá** chúis, dar leat, a dtarlaíonn gorta sa *domhan atá i mbéal forbartha*.

An Chéad Chúis: ……………………………………………………………………..

……………….......................................................................................................

…………………………………………………………………………………….

An Dara Cúis: ……………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………….

……………………...............................................................................................(4)

(vii) Tá cúnamh éigeandála ón domhan forbartha ag teastáil ó na daoine i **nGrianghraf B**. Cad a thuigeann tú leis an gcineál seo cúnaimh?

…………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………….

…………………...................................................................................................(4)

(viii) Tá cúnamh éigeandála ag teastáil i dtíortha ina dtarlaíonn tubaiste nádúrtha mar ghorta. Ainmnigh **dhá** chineál tubaiste nádúrtha eile a mbíonn cúnamh éigeandála ag teastáil go sciobtha mar thoradh orthu.

1 ……………….....................................................................................................

2. ……………………...........................................................................................(2)

**CEIST 5.**

**LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF DAITE.**
**(24 marc)**

**Nóta: Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus grianghraf agat sula bhfreagraíonn tú an cheist seo.**

Scrúdaigh an Léarscáil S.O. 1:50,000 agus an tAerfótagraf Daite a thagann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna thíos:

Taispeántar Achadh an Iúir, baile cois locha i gContae an Chabháin sa ghrianghraf.

Taispeántar Achadh an Iúir agus na ceantair thart air sa léarscáil.

(i) Tabhair **dhá** shampla den úsáid a bhaintear as an talamh faoi mar a thaispeántar sa ghrianghraf.

1.........................................................................................................…………………….

……………………………………………………………………………………………

2 ……………………………………………………………………………………………

……………………..........................................................................................................(2)

(ii) Ainmnigh an pointe is airde ar an léarscáil **agus** scríobh airde an phointe seo.

An pointe is airde:....................…………..... Airde i méadair: …..........................(2)

(iii) Tá an eaglais ag tosach an ghrianghraif suite idir dhá bhóthar a thagann isteach go baile Achadh an Iúir. Agus an leárscáil S.O. á húsáid agat, ainmnigh an **dá** bhóthar.

1. .................................................... 2. ……….........................................(2)

(iv) Déan fad an bhóthair cois locha idir gabhal an N3 agus an R 178 in Achadh an Iúir agus Crosbhóthar Mhachaire Rátha (Maghera) go dtí an tOir-Dheisceart a ríomh.

........................................................................ ciliméadar. (4)

(v) Taispeáin na nithe seo a leanas ar an léarscáil trí thagairt eangaí cheithre fhigiúr do **gach** gné a thabhairt:

(a) motte ..................…………………...........................................................

(b) stáisiún póilíní ............................…………………...........................................

(c) láithreán carbhán ..........................................…………............................. (6)

(vi) Bain úsáid as an léarscáil agus as an ngrianghraf chun **ceithre** rud ar leith sa réigiún a mheallann turasóirí a lua.

1. ..............................................................................................……………….................

2. ..........................................................................................................………………

3. ...........................................................................................................………………

4. ………………………………………………………………………………………… (8)